# TUARASCÁIL

## chuig an

## AIRE IOMPAIR

## don bhliain dar críoch

## 31ú NOLLAIG 2011

**Mí an Mhárta 2012**

**An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta**
**3ú hUrlár**
**Teach Alexandra**
**Ardán Phort an Iarla**
**Baile Átha Cliath 2**
**Teil +353 (0) 1–6611700, Facs +353 (0) 1-6611269**

**R-phost:** info@aviationreg.ie
www.aviationreg.ie

# CLÁR AN ÁBHAIR

RÉAMHRÁ....................................................................................3

MUIRIR AGUS RIALÚ SEALANNA ....................................................7

CEADÚNÚ AGUS CEADUITHE.........................................................15

CEARTA AERPHAISINÉIRÍ..............................................................21

FEIDHMEANNA RIARACHÁIN AGUS DLÍTHIÚLA ...........................26

FAISNÉIS AIRGEADAIS ..................................................................30

AGUISÍN ........................................................................................35

# RÉAMHRÁ

Bhí cúrsaí ag dul ar aghaidh go han-mhall san earnáil eitlíochta in Éirinn anuraidh. Taifeadadh méadú beag (2%) i dtrácht paisinéirí ag aerfort Bhaile Átha Cliath agus méadú imeallach do ghluaiseachtaí aerárthaí tráchtála ag aerfort Bhaile Átha Cliath, aerfort Chorcaí agus aerfort na Sionainne, ach é sin i gcomparáid le leibhéil gníomhaíochta spealta i 2010 mar gheall ar dhúnadh aerspáis agus aimsire. Brabúsacht na n-aerlínte paisinéirí móra a fuair ceadúnais ón gCoimisiún, d'fhan sí cobhsaí nó tháinig feabhas uirthi i 2011, cé go raibh cúrsaí airgeadais ag roinnt de na haeriompróirí beaga lag fós. D'éirigh an láimhdeachas ceadúnaithe sa tionscal taistil cobhsaí i 2011, ach tá an láimhdeachas sin 30% níos ísle ná an leibhéal comhfhreagrach chomh déanach le 2009, rud a thaispeánann an cor chun donais eacnamaíoch agus laghdú leanúnach ar an méid daoine a théann ar shaoirí cairte.

Is í príomh-fheidhm an Choimisiúin ná rialú praghsanna. I 2011, shocraigh sé uasteorainn nua le cur le muirir seirbhísí teirminéil de chuid Údarás Eitlíochta na hÉireann (ÚEÉ). Laghdaigh an cinneadh sin uasteorainn na bpraghsanna 2012 tuairim is 25% i gcomparáid le 2011; táthar ag súil leis go dtiocfaidh laghdú de thuairim is 6% uirthi, in aghaidh na bliana, idir 2013 agus 2015. Na leibhéil infheistíochta níos ísle a bhí ag an ÚEÉ agus na spriocanna éifeachtúla oibriúcháin a shocraigh an Coimisiún, bhí siad sin ina bpríomh-chúis leis na laghduithe. Den chéad uair, éilítear ar an ÚEÉ íoschaighdeáin seirbhíse a bhaint amach ionas go mbeidh sé ábalta muirir a bhailiú; d'fhéadfadh laghdú suas le 10% a theacht ar na muirir sna blianta ina gcuirfí moill de bhreis is 15 nóiméad ar eitiltí iomadúla mar gheall ar theip trealaimh nó fadhbanna foirne ÚEÉ. Tabharfaidh an Coimisiún tuairisc ar fheidhmíocht an ÚEÉ maidir le cáilíocht seirbhíse gach ráithe, mar a dhéanaimid cheana féin i gcás bearta maidir le cáilíocht seirbhíse aerfoirt.

Leanaimid de bhealaí níos fearr agus níos éifeachtaí a lorg chun ár gcuid oibre a dhéanamh. I mí na Nollag 2011, rinne an Coimisiún láithreán Gréasáin nua a sheoladh chun faisnéis faoi chearta paisinéirí a sholáthar do dhaoine: www.flightrights.ie. Is é cuspóir an láithreáin Ghréasáin sin ná faisnéis a sholáthar i bhformáid chairdiúil don phobal agus spreagadh a thabhairt do na paisinéirí sin a bhfuil gearáin acu iad a chur isteach ag úsáid an chóras gearáin ar líne. Chomh maith leis sin, seoladh córas ar líne d'iarratais cheadúnaithe aerlíne anuraidh. Agus iarratas á déanamh chun ualaigh riaracháin a laghdú, thugamar deis do ghnóthais áirithe taistil díolúine a lorg ionas nach mbeadh orthu cuntais iniúchta a sholáthar - chuir 42 gnóthas iarratas isteach ar an díolúine sin agus tugadh dóibh é.

Tugadh isteach sraith príomh-tháscairí feidhmíochta (PTF) den chéad uair riamh i 2011, a d'fhorbair an Coimisiún chun na coinníollacha a chomhlíonadh a bhaineann leis an Ráiteas Rialtais maidir le Rialú Eacnamaíoch ó mhí Dheireadh Fómhair 2009. Roghnaíodh na PTFanna chun gnéithe d'fheidhmíocht na hoifige a bhaint amach – tráthúlacht ár gcuid oibre go háirithe – atá tábhachtach dóibh siúd a mbímid i dteagmháil leo agus a bhfuil tionchar suntasach ag foireann na hoifige uirthi. Tugtar tuairisc ar thorthaí iomlána na bliana 2011 san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Taispeánann na torthaí go bhfreagraíonn an Coimisiún d'iarratais ar cheadúnas go tráthúil, faoi ghnáth-choinníollacha. Tháinig méadú ollmhór ar líon na ngearán ó phaisinéirí i 2011 mar gheall ar dhúnadh aerspáis agus ar an drochaimsir uafásach i 2010 agus thóg sé níos mó ama don Choimisiún gearáin a phróiseáil ná mar a bheadh inghlactha de ghnáth.

Soláthraítear faisnéis bhreise sa chuid eile den tuarascáil seo faoi thorthaí na hoifige i 2011. Go hachomair, gan bacadh leis an ngníomhaíocht a bhaineann le muirir eitlíochta a rialú, thug an oifig faoi na nithe seo a leanas: thug sí freagra ar níos mó ná 4,000 iarratas ar fhaisnéis nó gearán ó aerphaisinéirí, rinne sí 265 ceadúnas trádála taistil a athnuachan agus d'eisigh sí 21 ceann nua, agus rinne sí monatóireacht ar 59 ceadúnas aeriompróirí agus ceadú ag cuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí láimhsithe ar talamh.

Íocann sealbhóirí ceadúnais agus íocóirí tobhaigh an t-airgead a chaitheann an Coimisiún; creidimid go bhfuil sé tábhachtach a thaispeáint conas a úsáidtear an t-airgead. Buíochas le príomh-tháscairí feidhmíochta (PTFanna) a thabhairt isteach, féadtar scrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Choimisiúin. Is tosaíocht í an rialú airgeadais don Choimisiún fosta. Tháinig laghdú ar bhuiséad an Choimisiúin ó lár na deich mbliana deireanaí i leith. Caitheadh 35% níos lú airgid i 2011 ná mar a caitheadh i 2006, cé gur ghlac an Coimisiún cúram ar chearta paisinéirí i rith na tréimhse sin. Tháinig laghdú fosta ó 22 duine go dtí 18 nduine ar an leibhéal faofa líon foirne, laghdú de thart ar 18%. D'éirigh leis an oifig leanúint lena cuid feidhmeanna go dtí seo ag na leibhéil foirne laghdaithe sin mar gheall ar an atheagrú, ar sholúbthacht foirne agus ar ghnéithe áirithe de roinnt feidhmeanna a aistriú go dtí an Gréasán. Beidh ár mbuiséad don bhliain seo chugainn níos ísle arís ná an leibhéal caiteachais don bhliain roimhe sin. Féadtar cuid den laghdú a chur síos d'éileamh íseal ar an gcomhairleacht eacnamaíoch sna blianta nach ndéantar athbhreithniú ar phraghsanna iontu. Tá sé beartaithe faoi láthair tobhaigh tionscail a shocrú don todhchaí ionas go bhféadfar cúlchiste réasúnta beag a choinneáil le rioscaí todhchaí a bhainistiú – amhail an ghníomhaíocht shuntasach dlíthíochta – gan é a bheith riachtanach ár dtobhach a mhéadú go tobann sa chás go mbeidh an geilleagar fós lag.

I mí na Samhna 2011, d'fhógair an Rialtas cinntí maidir le hathrú agus athchóiriú institiúideach in earnáil phoiblí na hÉireann. Sa chás seo, déanfar an Coimisiún a chomhcheangal leis an ÚEÉ. Chuamar i dteagmháil leis an Roinn agus leis an ÚEÉ chun na tograí sin a chur i bhfeidhm, agus leanfaimid ar aghaidh leis sin.

Ag féachaint anois ar 2012, tá an Coimisiún ag súil le hobair a dhéanamh leis an Roinn ar reachtaíocht nua eitlíochta Eorpach. Sa Réamhrá sa Tuarascáil Bhliantúil anuraidh, tugadh faoi deara go dtagann beagnach gach ceann de na tionscnaimh nua rialála agus ceadúnaithe ón mBruiséil. Thug mé faoi deara nach mbaineann an tairbhe chéanna le gach tionscnamh dá leithéid is a bhaineann le bearta cosanta tomhaltóirí agus nach mbeidh glansochar ar bith ag baint le roinnt díobh. Ina dhiaidh sin, d'fhoilsigh an tAontas Eorpach (AE) pacáiste "aerfoirt a fheabhsú" agus is í aidhm an phacáiste sin ná feidhmíocht ghinearálta thionscal aerfoirt na hEorpa a fheabhsú. Tá an pacáiste comhdhéanta de thrí eilimint reachtacha: baineann na heilimintí sin le laghdú torainn, le rialacha maidir le sealanna tuirlingthe rúidbhealaigh a chionroinnt, agus le leasú ar na rialacháin a rialaíonn seirbhísí láimhsithe ar talamh sna haerfoirt. Níor thug an Coimisiún aon tuairim ar chúrsaí laghdaithe torainn mar gheall nach bhfuil saineolas ar bith aige sa réimse sin.

Ach bhí an Coimisiún den tuairim, le blianta fada anuas, go bhféadfaí agus gur chóir stad a chur leis an bpróiseas ceaduithe foirmiúil do chuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí láimhsithe ar talamh in Éirinn gan dochar a dhéanamh don leas tomhaltóirí. In ionad sin, d'fhéadfadh sé go ndéanfadh na tograí is déanaí an próiseas a leathnú go dtí na Ballstáit nach bhfuil sé ag teastáil iontu cheana. Ar an taobh eile, tá raon réasúnta beag ag na rialacha leasaithe maidir le sealanna rúidbhealaigh, ag féachaint do na sochair a d'fhéadfadh a bheith ann do phaisinéirí dá mbainfí úsáid níos déine as bonneagar teoranta aerfoirt. D'fhéadfadh sé a bheith níos oiriúnaí breathnú ar leasú níos uaillmhianaí sa réimse sin.

Cuireadh ar chumas an Choimisiúin a chuid oibre a dhéanamh i 2011 buíochas le comhghleacaithe tiomanta agus spreagtha. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leo as a gcuid oibre i 2011, mar an gcéanna leis na blianta roimhe sin, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil fosta, leis na gnóthais lenar oibríomar, as a gcuid comhoibrithe.



Cathal Guiomard
An Coimisinéir

# MUIRIR AGUS RIALÚ SEALANNA

## Ról an Choimisiúin

An méid a dhéanann an Coimisiún:

- socraíonn sé uasteorainn praghsanna a chuireann teorainn le hiomlán an ioncaim in aghaidh an phaisinéara is féidir leis an ÚABÁC a bhailiú trí mhuirir aerfoirt ag aerfort Bhaile Átha Cliath;
- socraíonn sé uasteorainn praghsanna a chuireann teorainn le hiomlán an ioncaim is féidir leis an ÚEÉ a bhailiú trí mhuirir um sheirbhísí teirminéil eitlíochta ag aerfort Bhaile Átha Cliath, aerfort Chorcaí agus aerfort na Sionainne;
- bíonn air na muirir a fhaomhadh a ghearrann aerfoirt ar aerlínte le seirbhísí i ndáil le paisinéirí faoi mhíchumas luaineachta a mhaoiniú;
- bíonn air athruithe ar bith a fhaomhadh, ar na táillí a ghearrann na húdaráis aerfoirt ag aerfort Bhaile Átha Cliath, aerfort Chorcaí agus aerfort na Sionainne maidir le rochtain ar na suiteálacha a theastaíonn le seirbhísí láimhsithe ar talamh a sholáthar; agus
- sonraíonn sé stádas sceidealaithe na n-aerfort in Éirinn faoi na Rialacháin um Chionnroinnt Sealanna, agus ceapann sé éascaitheoir nó comhordaitheoir sceideal nuair is gá sin.

Níl cumhacht ar bith ag an gCoimisiún chun muirir eile a rialú, lena n-áirítear:

- na muirir aerthráchta faoi bhealach a shocraíonn an ÚEÉ; agus
- muirir charrchlóis ag aerfoirt, agus go ginearálta muirir neamh-aerloingseoireacht (ach amháin na cinn a ghearrtar maidir le rochtain ar na suiteálacha a theastaíonn le seirbhísí láimhsithe ar talamh ag aerfort Bhaile Átha Cliath, aerfort Chorcaí agus aerfort na Sionainne).


## Muirir um Sheirbhísí Teirminéil Eitlíochta

I mí Dheireadh Fómhair 2011, d'fhoilsigh an Coimisiún cinneadh deiridh a leagann amach uasleibhéal na muirir um sheirbhísí teirminéil eitlíochta is féidir leis an ÚEÉ a ghearradh. Is é seo an tríú cinneadh den saghas seo a rinne an Coimisiún maidir le muirir um sheirbhísí teirminéil eitlíochta.

Laghdaigh an cinneadh an uasteorainn muirear 2011 faoi thuairim is 25% don bhliain 2012; táthar ag súil leis go dtiocfaidh laghdú de thuairim is 6%, in aghaidh na bliana, ar an uasteorainn sna blianta amach romhainn. Liúntais laghdaithe le haghaidh costas caipitil, bhí siad sin ina gcúis go príomha leis an laghdú mór ar an uasteorainn praghsanna 2012. Léirigh na liúntais chaipitil laghdaithe sin an leibhéal infheistíochta níos lú a bhí á thuar ag an ÚEÉ i 2011 i gcomparáid le 2007, agus na hioncaim a "scrabhadh ar ais" a faomhadh sa chinneadh 2007 ar an gcoinníoll go ndéanfadh an ÚEÉ infheistíochtaí a theip air a dhéanamh ina dhiaidh sin.

Tá an uasteorainn praghsanna níos lú gach bliain ina dhiaidh sin mar bhain an Coimisiún as go raibh deis ann le haghaidh éifeachtúlachtaí oibriúcháin. Tagann laghdú go bliantúil ar an méid costas oibriúcháin a cheadaítear sna suimeanna, ó na leibhéil atáthar ag súil leo i 2011 go dtí an sprioc do chostais oibriúcháin i 2015 atá cosúil leis an leibhéal costas a d'íoc an ÚEÉ i 2006 (agus éifeachtaí an bhoilscithe á rialú). Tá na gluaiseachtaí tráchta tuartha i 2015 mar an gcéanna, a bheag nó a mhór, le gluaiseachtaí tráchta i 2006. Déantar comparáid sa chairt seo thíos idir na torthaí agus na leibhéil tráchta agus costais oibriúcháin ag an gCoimisiún i 2006 agus i 2015 faoi seach.

**Figiúr 1.1: Trácht agus Costais Oibriúcháin um Sheirbhísí Teirminéil ÚEÉ, 2006 agus 2015**




*Foinse: An Coimisiún agus an ÚEÉ.*

Den chéad uair, braitheann an uasteorainn a chuirtear leis an leibhéal muirear um sheirbhísí teirminéil eitlíochta, ar féidir leis an ÚEÉ a bhailiú, ar íoschaighdeáin seirbhíse a chomhlíonadh. Go háirithe, d'fhéadfadh laghdú suas le 10% in aghaidh na bliana a theacht ar an uasteorainn dá gcuirfí moill de bhreis is 15 nóiméad ar eitiltí mar gheall ar theip trealaimh nó fadhbanna foirne ÚEÉ.

Cuireadh tús leis an bpróiseas cinnteoireachta i ndeireadh na bliana 2010 nuair a d'eisigh an Coimisiún páipéar ceisteanna. I 2011, d'fhoilsigh an Coimisiún dréachtchinneadh i mí na Bealtaine agus cinneadh deiridh i mí Dheireadh Fómhair. Tugadh dhá mhí do na comhpháirteanna, mar a éilítear de bhua reachta, chun freagairt don dréachtchinneadh. D'fhreagair ceithre chomhpháirtí dó: Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (an ÚABÁC), an ÚEÉ, an IATA, agus Ryanair.

Fanfaidh an cinneadh i bhfeidhm go dtí 31 Nollaig 2015. Ciallaíonn sé sin do bhliain dheireanach an chinnidh, go mbeidh ar an ÚEÉ muirir um sheirbhísí teirminéil eitlíochta a shocrú a chloíonn lenár n-uasteorainn praghsanna agus le plean feidhmíochta atá riachtanach mar chuid den phacáiste Aerspás Eorpach Aonair II. I mí Aibreáin 2011, chuir an Roinn Iompair in iúl don Choimisiún nach gcuirfeadh Éire na rialacháin Eorpacha sin i bhfeidhm, sa mhéid a bhaineann siad le seirbhísí teirminéil eitlíochta, go dtí an 1 Eanáir 2015 nuair a thosóidh an dara tréimhse thagartha. Mar Chomhlacht Náisiúnta Maoirseachta ainmnithe, beidh an ÚEÉ freagrach as plean feidhmíochta a shocrú ar gá dó a chomhlíonadh mar sholáthróir seirbhísí aerloingseoireachta.

## Cuntais Rialála

I 2011, chuir an Coimisiún athbhreithniú i gcrích ar na coinníollacha tuairiscithe airgeadais atá le comhlíonadh ag an ÚABÁC agus an ÚEÉ. I mí na Samhna, leag an Coimisiún na leasuithe atá beartaithe aige amach. In éagmais agóide ar bith, chuir an Coimisiún in iúl don ÚABÁC agus don ÚEÉ go gcuirfear na coinníollacha tuairiscithe leasaithe i bhfeidhm ar an bpointe.

Sa chás seo, caithfidh an ÚEÉ cuntais rialála níos mionsonraithe a chur amach. Buíochas le formáid na gcuntas rialála foilsithe, beidh sé níos éasca do pháirtithe leasmhara torthaí a chur i gcomparáid leis na toimhdí a cuireadh le chéile nuair a rinneadh an cinneadh deireanach, trí athbhreithniú airgeadais a chur isteach leo Cuimseoidh na cuntais tráchtaireacht chomh maith a dhéanfaidh cur síos ar conas ar chloígh an ÚABÁC leis an uasteorainn praghsanna reatha atá i bhfeidhm. Déanfar iniúchadh ar na cuntais sin.


Ní éilítear ar an ÚEÉ cuntais rialála a chur ar fáil a thuilleadh. Rinneadh é sin tar éis machnamh a dhéanamh ar dhá rud. Ar dtús, ní bhaineann ach láimhdeachas beag leis an ngníomhaíocht rialaithe, sa chaoi go bhfuil sé deacair údar maith a thabhairt leis na costais a bhaineann lena leithéidí de chuntais a ullmhú agus a iniúchadh. Sa dara cás, ní chuirfeadh na cuntais go mór leis an bhfaisnéis, a éilítear ar an ÚEÉ a ullmhú, chun coinníollacha tuairiscithe ar leith a chomhlíonadh faoi na rialacháin Aerspás Eorpach Aonair. Éileoimid ar an ÚEÉ ráiteas iniúchta a sholáthar a dheimhneoidh nár sháraigh a chuid ioncam bliantúil ó sheirbhísí teirminéil eitlíochta an uasteorainn praghsanna reatha. Foilseoimid an ráiteas sin.

Sna blianta amach romhainn, nílimid ag súil leis go bhfoilseoimid tuarascálacha comhlíontachta ar leith ina leagfar amach cé acu ar chloígh an ÚABÁC agus an ÚEÉ leis an uasteorainn praghsanna, mar foilseofar an fhaisnéis sin i gcuntais rialála an ÚABÁC agus sa ráiteas ón ÚEÉ. I 2011, d'fhoilsíomar dhá dhoiciméad dá leithéid.

## Muirir Aerfoirt

Chuir an Coimisiún tuarascálacha ráithiúla amach i 2011, inar léiríodh torthaí an ÚABÁC maidir le cáilíocht seirbhíse do bhearta éagsúla a mbíonn tionchar acu ar an uasteorainn praghsanna deiridh. Tá dhá bheart déag maidir le cáilíocht seirbhíse ina gcuid den scéim monatóireachta, a thugann dreasacht airgeadais don ÚABÁC chun spriocanna sonraithe a chomhlíonadh, lena n-áirítear bearta a bhaineann leis an am a chaitear i scuainí maidir le cúrsaí slándála, fáil ar chriosanna bagáiste agus torthaí shuirbhéanna éagsúla paisinéirí. Taispeánann an chairt seo thíos na torthaí do bheart suirbhéireachta paisinéirí amháin – sásamh iomlán paisinéirí ag an aerfort. Tá de fhreagracht ar an ÚABÁC na sonraí faoi gach beart acu sin a thiomsú ach tá féachta ag an gCoimisiún a chinntiú chun a shástachta féin gur féidir iontaoibh a bheith as na sonraí a thuairiscítear. Mar chuid de sin, tugadh cuairteanna ó am go chéile ar an aerfort chun an t-am a chaitear i scuainí maidir le cúrsaí slándála a thaifeadadh go neamhspleách. I 2011, ba í an t-aon sprioc feidhmíochta maidir le cáilíocht seirbhíse a theip ar an ÚABÁC a chomhlíonadh ná an sprioc do thorthaí suirbhé a rinne an leibhéal sásaimh lena shaoráidí cumarsáide/teileachumarsáide agus lena ríomhshaoráidí a thomhas.

**Figiúr 1.2: Scóir an tSuirbhé Phaisinéirí ACI maidir le Sásamh Ginearálta ag Aerfort Bhaile Átha Cliath**




*Foinse: ÚABÁC*

I ndeireadh na bliana 2010, d'fhoilsigh an Coimisiún páipéar comhairliúcháin a thug cuireadh do chomhpháirtithe a dtuairimí a

thabhairt maidir le cé acu ar chóir dúinn breithniú fós ar ioncaim agus ar chostais na seirbhísí neamh-aerloingseoireachta ag aerfort Bhaile Átha Cliath, agus an t-uasleibhéal do mhuirir aerfoirt á shocrú. Tugadh ceithre fhreagra ar an bpáipéar sin. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na léiriúcháin, d'fhógraíomar go raibh sé beartaithe againn tabhairt faoi obair bhreise maidir leis an ábhar. Ó shin i leith, bhuaileamar le gach ceann de na ceithre fhreagróir agus tá sé beartaithe againn páipéar comhairliúcháin eile a fhoilsiú i 2012. D'fhéadfadh torthaí suntasacha a bheith bainteach le hathrú ar bith d'uasteorainneacha praghsanna todhchaí agus, mar sin, teastaíonn go mór ón gCoimisiún dul i gcomhairle go hiomlán leis na páirtithe leasmhara uile sula ndéanfar cinneadh eile i 2014. I 2009, léirigh an ÚABÁC agus an ÚEÉ araon go mbeadh suim acu i gcur chuige nua ag an gCoimisiún seachas an cur chuige "scipéid aonair" atá aige cheana, a chuireann ioncaim agus costais seirbhísí neamh-aerloingseoireachta san áireamh agus uasteorainn praghsanna á socrú.

Tháinig an Treoir CE um Muirir Aerfoirt i bhfeidhm i 2011. Ainmníodh sinn mar an tÚdarás Neamhspleách Maoirseachta in Éirinn. Tá meicníocht rialála againn cheana in Éirinn le muirir aerfoirt a rialú agus, mar sin, tá ról réasúnta teoranta againn mar Údarás Neamhspleách Maoirseachta. Chuireamar ár stádas in iúl don ÚEÉ agus d'iarramar air gealltanais a thabhairt go gcloífidh sé leis na forálacha ábhartha.

## Uasteorainneacha Rialaithe Praghsanna agus Muirir Fhaofa

**Tábla 1.1: Achoimre ar Uasteorainneacha Rialaithe Praghsanna**[1]

| Cineál na huasteorann praghsanna | Uasteorainn praghsanna 2011 |
|---|---|
| Muirir aerfoirt ag aerfort Bhaile Átha Cliath | Ní cóir daoibh a bheith níos mó ná €10.76 in aghaidh an phaisinéara |
| Muirir um sheirbhísí teirminéil eitlíochta (MSTEanna) ag aerfort Bhaile Átha Cliath, aerfort Chorcaí agus aerfort na Sionainne | Ní cóir daoibh a bheith níos mó ná €160.24 in aghaidh an aonad seirbhíse teirminéil |

I 2011, ní bhfuaireamar iarratas ar bith ón ÚEÉ maidir le muirir a fhaomhadh i ndáil le 'rochtain ar shuiteálacha aerfoirt' (ar a dtugtar muirir ATI) ag aerfort Bhaile Átha Cliath, aerfort Chorcaí agus aerfort na Sionainne. Leagtar amach anseo thíos leibhéil na muirir a ceadaíodh roimhe seo, arna leasú i ndáil le boilsciú nuair is cuí sin.

[1] Cuir i gcás go gcomhlíontar na spriocanna ar fad maidir le cáilíocht seirbhíse agus, i gcás muirear um sheirbhísí teirminéil eitlíochta, go bhfuil torthaí tráchta agus ioncaim 2011 de réir na réamhaisnéise a rinneadh i mí na Nollag 2011.

**Tábla 1.2: Achoimre ar Mhuirir Fhaofa**

| Cineál muirear rochtana (ATI) | Muirir fhaofa ATI i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2012 |
|---|---|
| Aerfort Bhaile Átha Cliath: táille bhliantúil don deasc seiceála isteach Táille cíosa sholúbtha san uair don deasc seiceála isteach | Táille bhliantúil: €25,194 in aghaidh na deisce sa bhliain<br>Cíos: €30 san uair (nó cuid di) |
| Aerfort na Sionainne: táille bhliantúil don deasc seiceála isteach Táille cíosa sholúbtha san uair don deasc seiceála isteach | Táille bhliantúil: €9,413 in aghaidh na deisce sa bhliain<br>Cíos: €24 san uair (nó cuid di) |
| Aerfort Chorcaí: táille bhliantúil don deasc seiceála isteach<br>Táille cíosa sholúbtha don deasc seiceála isteach in aghaidh na leathuaire | Táille bhliantúil: €13,180 in aghaidh na deisce sa bhliain Cíos: €5.27 in aghaidh na leathuaire (nó cuid di) |
| Táillí CUTE in Aerfort na Sionainne | €0.30 in aghaidh an phaisinéara ag dul ar bord |
| Táillí CUTE in Aerfort Chorcaí | €0.24 in aghaidh an phaisinéara ag dul ar bord |


## Cionnroinnt Sealanna

Is é aerfort Bhaile Átha Cliath an t-aon aerfort amháin in Éirinn ina ndéantar comhordú ar shealanna. D'ainmnigh an Coimisiún ina aerfort faoi chomhordú sealanna é i mí Feabhra 2007.

Rinneadh an conradh le comhordaitheoir an aerfoirt, Airport Coordination Limited (ACL), a athnuachan i mí an Mhárta 2011 ar feadh cúig bliana eile. Leagtar an ghnáthfhreagracht ó lá go lá i ndáil le comhordú sealanna in aerfort Bhaile Átha Cliath ar ACL. Bíonn caidreamh gach lá ag an gcomhlacht leis na haeriompróirí agus freastalaíonn sé ar dhá chruinniú in aghaidh na bliana ag aerfort Bhaile Átha Cliath chomh maith. Bíonn an Coimisiún i láthair ag na cruinnithe sin freisin.

Tháinig laghdú ar thrácht in aerfort Bhaile Átha Cliath ó ainmníodh mar aerfort faoi chomhordú é i 2007. D'ainneoin sin, tá méid tráchta ard ann fós le linn buaicuaireanta i rith an lae. Bítear ag brath, leis an modh oibre ó phointe go pointe atá ag an dá iompróir is mó ag aerfort Bhaile Átha Cliath (Aer Lingus agus Ryanair) ar leibhéal ard úsáide as gach aerárthach agus fágtar dá réir sin go bhfuil buaic-am luath ar maidin ann, mar a thaispeántar sa chairt thíos.

**Figiúr 1.3: An tÉileamh Paisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i rith an Lae, Geimhreadh 2011 i gcoinne an Gheimhridh 2010**





*Foinse: ACL*

*Nóta: Lean séasúr an Gheimhridh 2011 ó mhí Dheireadh Fómhair 2011 go dtí mí an Mhárta 2012; lean séasúr an Gheimhridh 2010 ó mhí Dheireadh Fómhair 2010 go dtí mí an Mhárta 2011.*

Níl cumhachtaí forfheidhmithe ag an gCoimisiún faoi láthair agus ní féidir leis an gcomhordaitheoir ach sealanna a "ghabháil ar ais" nó diúltú do shealanna marthanacha a chionnroinnt an athuair ar iompróirí a sháraíonn na rialacha cionnroinnte. I gcodarsnacht leis sin, tá réimeas foirmeálta smachtbhannaí ar bun maidir le sealanna sa RA agus gearrtar pionóis ar na páirtithe a sháraíonn na rialacha. D'eitilt níos mó eitiltí isteach in aerfort Bhaile Átha Cliath gan seal a bheith ag an aeriompróir ná ag na trí phríomhaerfort i Londain agus ag aerfort Mhanchain i 2011. Taispeánann an chairt seo thíos líon na n-oibríochtaí eitilte le linn shéasúr an tsamhraidh 2011 nuair a d'oibrigh aeriompróirí "eas-seala" nó nuair a roghnaigh siad gan oibriú i seal cionnroinnte ag Baile Átha Cliath agus ag na ceithre aerfort sin sa RA.

**Figiúr 1.4: Neamhoibriú Seala agus Oibríochtaí nach raibh Seal acu Samhradh 2011**




*Foinse: ACL*

## Clár Oibre do 2012

| Sprioc | Gníomhartha leis an sprioc a bhaint amach |
|---|---|
| Scrúdú a dhéanamh an athuair ar an gcur chuige reatha maidir le cinneadh a dhéanamh faoi mhuirir i ndáil le haerfort Bhaile Átha Cliath agus na réimsí sin a shonrú, más ann dóibh, ina mbeadh gá le hathrú | Páipéar comhairliúcháin a leanann CP4/2010 a fhoilsiú agus leanúint ar aghaidh dá réir sin |
| Comhairle a sholáthar maidir le hathruithe féideartha ar an réimeas sealanna | Comhairle a sholáthar mar a iarrtar maidir le réimeas smachtbhannaí a thabhairt isteach<br>Comhairle a sholáthar mar a iarrtar maidir leis an bpacáiste, aerfoirt a fheabhsú, sa chaoi a bhaineann leis na rialacháin sealanna |
| Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-uasteorainneacha praghsanna reatha agus a chinntiú go leantar d'oibriú an réimis sceidealaithe reatha ag aerfort Bhaile Átha Cliath chomh maith agus atá | Tuarascálacha a fhoilsiú gach ráithe maidir le bearta um cháilíocht seirbhíse don ÚABÁC agus don ÚEÉ<br>Freastal ar chruinnithe ag Coiste Comhordaithe Bhaile Átha Cliath agus comhoibriú leis an ACL |

# CEADÚNÚ AGUS CEADUITHE

## Ról an Choimisiúin

An méid a dhéanann an Coimisiún:

- eisíonn sé ceadúnais le haeriompróirí, a bhfuil a n-áit ghnó in Éirinn, a iompraíonn paisinéirí, post nó lastas i gcomhair íocaíochta agus/nó ar cíos;
- eisíonn sé ceadúnais le gníomhairí taistil agus le tionscnóirí turais a dhíolann saoirí thar sáile;
- riarann sé scéim bhannaí do ghníomhairí taistil agus do thionscnóirí turas, agus déanann sé próiseáil ar éilimh ar aisíocaíochtaí agus ar aisdúichiú sa chás go dtéann gníomhaire taistil nó tionscnóir turais as gnó;
- déanann sé scrúdú i gcásanna ina líomhnaítear gur tharla trádáil mhídhleathach agus, nuair is gá sin, ionchúisíonn sé trádálaithe mídhleathacha; agus
- deonaíonn sé ceaduithe do na cuideachtaí atá i mbun seirbhísí láimhsithe ar talamh, amhail aerárthaigh a threorú, luchtú/díluchtú, athbhreoslú, láimhsiú bagáiste, láimhsiú paisinéirí agus cothabháil aerárthaí, ag aerfort Bhaile Átha Cliath, aerfort Chorcaí agus aerfort na Sionainne.

Ní thagann na nithe seo a leanas faoi scáth ról an Choimisiúin:

- rialú sábháilteachta, a thagann faoi choimirce an ÚEÉ;
- ceadúnais i ndáil le socruithe taistil don taisteal intíre in Éirinn;
- déileáil le gearáin ó thomhaltóirí maidir le gníomhairí taistil, tionscnóirí turas, óstáin, bagáiste nó aerlínte;
- déileáil le gearáin maidir le fógraíocht (ach amháin sa chás go mbaineann sé le trádáil mhídhleathach a d'fhéadfadh a bheith ar bun).

Lean an Coimisiún de na réimis cheadúnaithe agus cheaduithe d'aeriompróirí, do chuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí láimhsithe ar talamh agus do ghnóthais trádála taistil a riar. Mar a thaispeántar sa tábla seo thíos, tháinig méadú beag ar líon na ngnóthais trádála taistil i 2011 a raibh ceadúnais acu. San am céanna, tháinig laghdú ar líon na n-aeriompróirí ceadaithe agus na gcuideachtaí faofa a sholáthraíonn seirbhísí láimhsithe ar talamh.

**Tábla 2.1: Ceadúnais agus Ceaduithe an Choimisiúin**

| | Aeriompróirí | Cuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí láimhsithe ar talamh | Gníomhairí Taistil | Tionscnóirí Turas |
|---|---|---|---|---|
| **Sealbhóirí ceadúnais, 1 Ean 2011** | **18** | **46** | **222** | **58** |
| Ceadúnais/Ceaduithe nua | 0 | 0 | 11 | 10 |
| Ceadúnais curtha ar ceal/géillte | 3 | 2 | 10 | 5 |
| **Sealbhóirí ceadúnais, 31 Nol 2011** | **15** | **44** | **223** | **63** |

*Foinse: An Coimisiún*

## Ceadúnais d'Aeriompróirí

I ndeireadh na bliana 2011, bhí ceadúnais faighte ón gCoimisiún ag 15 aerlíne a bhfuil a n-áit ghnó in Éirinn. Rinneadh monatóireacht leanúnach ar gach ceann díobh sin i ndáil leis an reachtaíocht ábhartha a chomhlíonadh a bhaineann le cumhdach árachais, le húinéireacht agus rialú, agus le hacmhainneacht ó thaobh airgeadais de. Eisíodh dioscaí ceadúnais le hoibreoirí héileacaptair agus aerárthaigh bhig le cur ar taispeáint sna haerárthaí uile atá liostaithe ar a dTeastais Aeroibreora. Phróiseálamar sé iarratas a fuaireamar ó aerlínte a bhfuil ceadúnas Éireannach acu a theastaigh uathu aerárthaí feistithe a fháil ar cíos a bhí cláraithe lasmuigh den Aontas Eorpach.

Bhí ceadúnais ag trí iompróir níos lú i ndeireadh na bliana 2011 ná mar a bhí ann bliain roimhe sin. I rith 2011, chuir an Coimisiún ceadúnas amháin ar ceal – a cuireadh ar fionraí i ndeireadh na bliana 2009 – nuair a theip ar an gcuideachta na coinníollacha ábhartha a chomhlíonadh lena cheadúnas oibriúcháin agus Teastas Aeroibreora a athshuí. Thug dhá oibreoir eile a gceadúnais suas go toilteanach: d'aistrigh oibreoir amháin an t-aon aerárthach a bhí aige go dtí an RA mar gheall ar laghdú éilimh ar oibríochtaí cairtfhostaithe in Éirinn; theip ar an oibreoir eile aerárthach athsholáthair a fháil.

Níor eisíodh ceadúnas oibreora nua ar bith i 2011. I mí na Nollag, sheolamar córas iarratais ar líne d'iarrthóirí nua atá ag lorg ceadúnas oibriúcháin. Úsáidtear é seo anois in ionad an fhoirm iarratais chruachóipe roimhe seo agus ceapadh é chun an próiseas iarratais a shimpliú.

I mí Aibreáin 2011, d'fhoilsíomar treoirnóta feabhsaithe ar na coinníollacha úinéireachta agus rialaithe sna rialacháin um cheadúnú aerlíne. Caithfidh sealbhóirí cheadúnais oibriúcháin a bheith ábalta a n-údarás ceadúnaithe a shásamh, ar bhonn leantach, go bhfuil siad fós faoi úinéireacht na mBallstát

agus/nó náisiúnaigh na mBallstát, den chuid is mó. Déantar tástálacha ar leith ar an úinéireacht agus ar an rialú agus caithfear an dá rud a chomhlíonadh chun ceadúnas a fháil. D'fhoilsíomar an treoirnóta chun cabhrú le hiarrthóirí nua ceadúnas oibriúcháin a fháil agus le sealbhóirí ceadúnais reatha na coinníollacha sin agus cur chuige an Choimisiúin maidir le scrúdú ar chomhlíonadh a thuiscint. I 2011, thosaíomar ar dhá chás a scrúdú maidir le hathrú ar an struchtúr úinéireachta de shealbhóir ceadúnais reatha: agus an tuarascáil seo á scríobh, rinneadh leorghníomh linn gur comhlíonadh na coinníollacha ábhartha úinéireachta agus rialaithe.

I dtús na bliana 2011, d'fhógair an AE go ndéanfaí an margadh inmheánach eitlíochta a sheiceáil ó thaobh acmhainneachta de chun a fháil amach an bhfuil na rialacha reatha fós oiriúnach don fheidhm. Cuireadh béim ar na réimsí ar a ndéanfaí seiceáil ó thaobh acmhainneachta de, lena n-áirítear: trédhearcacht praghsanna, coinníollacha árachais, oibleagáidí seirbhíse poiblí, rochtain ar an margadh agus léasú. I mí Iúil 2011, d'fhreagraíomar do chomhairliúchán geallsealbhóirí a dhéileáil le ceisteanna do na húdaráis phoiblí maidir le léasú sholáthairtí aerárthaigh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008. Táimid ag súil leis go mbeidh comhairliúcháin gheallsealbhóirí eile ar siúl mar chuid den staidéar sin.

## Ceaduithe Láimhsithe ar Talamh


I ndeireadh na bliana 2011, bhí 12 chuideachta a d'úsáid a seirbhísí láimhsithe ar talamh féin (i.e. aerlínte a roghnaíonn a gcuid seirbhísí láimhsithe ar talamh féin a sholáthar) agus 36 cuideachta faofa a sholáthair seirbhísí láimhsithe ar talamh (nó láimhseálaithe tríú páirtí) ag oibriú ag aerfort Bhaile Átha Cliath, aerfort Chorcaí agus aerfort na Sionainne. As na cuideachtaí faofa a sholáthraíonn a seirbhísí láimhsithe féin, tá ceithre chuideachta ann a bhfuil cead acu seirbhísí a sholáthar do thríú páirtithe.

Rinne an Coimisiún naoi gceadú a athnuachan i 2011 (eisítear ceaduithe ar feadh tréimhse cúig bliana). Thugamar cead do dhá chuideachta a sholáthraíonn seirbhísí láimhsithe ar talamh le raon a gcuid ceadaithe a leathnú – chun níos mó seirbhísí a chumhdach i gcás amháin agus chun aerfort eile a chumhdach sa dara cás. Tugadh suas dhá cheadú i 2011: d'aistrigh cuideachta amháin a sholáthraíonn a seirbhísí láimhsithe féin an t-aon aerárthach atá aici go dtí an RA, agus thug sealbhóir faofa tríú páirtí a cheadú suas mar gheall nach raibh sé i mbun gníomhaíochta a thuilleadh.

Ar an 1 Nollaig 2011, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a phacáiste aerfort, a chuimsigh tograí do rialachán nua maidir le láimhsiú ar talamh. Thugamar aiseolas ar na tograí don Roinn cheana féin agus d'fhreastalaíomar ar chruinnithe. Tá súil againn go leanfaimid ar aghaidh

leis an obair sin i 2012. Is í aidhm an rialacháin ná éifeachtúlacht agus cáilíocht ghinearálta na seirbhísí láimhsithe ar talamh a fheabhsú. Mar a thaispeántar sa chairt seo thíos, tá gach gníomhaíocht láimhsithe ar talamh ag na trí phríomhaerfort in Éirinn á soláthar ag roinnt cuideachtaí a bhfuil an ceadú riachtanach tríú páirtí acu.

**Figiúr 2.1: Cuideachtaí Faofa a Sholáthraíonn Seirbhísí Láimhsithe ar Talamh de réir Gníomhaíochta, 2011**




*Foinse: An Coimisiún*

## Ceadúnú do Thrádáil Taistil

I 2011, dheonaíomar ceadúnais ar 286 gnóthas trádála taistil, sé cheadúnas níos mó ná 2010; ba é sin glanmhéadú de chúig thionscnóir turas agus de ghníomhaire taistil amháin i rith na bliana. Níor loic cuideachta trádála taistil ar bith i 2011, cé nár iarr roinnt díobh ar athnuachan ceadúnais. Ar an ábhar sin, ní raibh orainn banna ar bith a riar chun daoine a aisdúichiú nó chun aisíocaíochtaí a dhéanamh. Fuair an Coimisiún 13 ghearáin i 2011 a líomhain go raibh tionscnóirí gan cheadúnas i mbun trádála, agus rinneadh imscrúdú ar gach ceann de na gearáin sin.

Anuraidh, bhí deis ag gnóthais trádála taistil den chéad uair díolúine a lorg chun nach mbeadh orthu cuntais iniúchta a chur ar fáil. Agus iarracht á déanamh againn na hualaigh riaracháin a laghdú a bhaineann leis an

réimeas ceadúnaithe, d'eisímis dhá ionstraim reachtúla i 2010 a cheadaigh do ghnóthais a leithéid de dhíolúine a iarraidh. Chuir daichead a dó gnóthas trádála taistil iarratas isteach ar dhíolúine agus tugadh dóibh í. Mar sin féin, roinnt cuideachtaí eile a bheadh i dteideal díolúine a fháil, déantar iniúchadh ar a gcuid cuntas fós chun coinníollacha eile a chomhlíonadh.

Leanaimid de theacht le chéile leis an tionscal. I 2011, d'fhreastalaíomar ar chomhdháil an chomhlachas tionscail, fóram a cheadaigh dúinn dea-chleachtas a phlé leis an tionscal. Thugamar cuairt fosta ar roinnt tionscnóirí ceadúnaithe ag a gcuid áitreabh chun cruinneas a gcuid acmhainní airgeadais, gnó agus eagraíochtúla a sheiceáil.

Leanadh d'obair a dhéanamh i 2011 ar roinnt imeachtaí dlíthiúla a tuairiscíodh sa Tuarascáil Bhliantúil 2010. Leantar den phróiseas leachtaithe do Fáilte Travel, agus rinne na leachtaitheoirí roinnt tuarascálacha leis an Ard-Chúirt. Táimid ag fanacht leis an leachtaitheoir chun roinnt ábhar a d'eascair as na tuarascálacha sin a shoiléiriú.


D'ainneoin roinnt éileamh, theip ar Manorcastle íoc as na costais dlíthiúla a bhí ag dul leis an gCoimisiún nó dul chun comhrá linn i mbealach suntasach i ndáil leis an ábhar. D'iarramar ar íocaíocht an athuair i 2011 agus cláraíodh na fiacha san Ard-Chúirt mar bhreithiúnais i gcoinne na cuideachta. Tuigimid nach raibh an chuideachta ag trádáil agus nach ndearnadh cuntais bhliantúla a bhreachadh ar feadh roinnt blianta anuas.

I mí an Mhárta 2010, bronnadh na costais orainn a d'eascair as chaingean dlí a thionscain Budget Travel. Thángthas ar chomhaontú leis an leachtaitheoir maidir leis na costais, agus rangaíodh sinn mar chreidiúnaí neamhurraithe sa phróiseas leachtaithe. Tuigimid ón méid a dúirt an leachtaitheoir go bhféadfadh go réiteofaí an próiseas laistigh de bhliain amháin.

Tá an Coiste Cosanta Taistealaithe (CCT) á riar againn fós. Cuirfear na cuntais bhliantúla is déanaí faoi bhráid Thithe an Oireachtais a luaithe a bheidh iniúchadh déanta orthu ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Don tríú bliain as a chéile, d'fhan méid an CCT cothrom, cé go bhfuil sé 33% níos ísle ná a leibhéal roimh loiceadh mhórmhéid cuideachtaí i 2008 agus 2009 (féach an chairt seo thíos). Sa tréimhse chéanna, tháinig laghdú suntasach ar leibhéal an láimhdeachais cheadúnaithe – bhí an fíorláimhdeachas ceadúnaithe i 2011 níos mó ná 50% níos ísle ná an láimhdeachas réamh-mheasta ceadúnaithe i 2007. Ní féidir leis an gcor chun donais eacnamaíoch in Éirinn ach cuid den laghdú sin ar láimhdeachas ceadúnaithe a mhíniú; léiríonn sé fosta go bhfuil níos mó tomhaltóirí i gcónaí ag socrú le dul ag taisteal trí mhodhanna eile nach

dtagann faoin scéim cheadúnaithe agus bhannaí atá á riar againn, mar shampla ceannaíonn siad a n-eitiltí go díreach ó na haerlínte.

**Figiúr 2.2: Luach an Chiste Cosanta Taistealaithe**




*Foinse: An Coimisiún*

## Clár Oibre do 2012

| Sprioc | Gníomhartha leis an sprioc a bhaint amach |
|---|---|
| Leanúint de na réimis cheadúnaithe agus cheaduithe d'aeriompróirí, do chuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí láimhsithe ar talamh agus do ghnóthais trádála taistil a riar | Próiseáil a dhéanamh ar iarratais ar bhealach tráthúil agus monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhlíonadh ag sealbhóirí ceadúnais reatha<br>Próiseáil a dhéanamh ar éilimh ar aisíocaíochtaí agus ar aisdúichiú de réir mar is gá sin<br>Fiosrú a dhéanamh i gcás tuairiscí maidir le trádáil gan cheadúnas |
| Comhairle a sholáthar maidir le hathruithe féideartha ar na rialacháin maidir le láimhsiú ar talamh | Tuairimí a thabhairt ar an dréacht-reachtaíocht agus freastal ar chruinnithe mar is gá sin |

# CEARTA AERPHAISINÉIRÍ

## Ról an Choimisiúin

I ndáil le heitiltí a eitlíonn amach as aerfoirt na hÉireann agus a eitlíonn isteach sna haerfoirt sin ó thíortha lasmuigh den AE (ar an gcoinníoll gur aeriompróirí le ceadúnas AE atá i gceist), táimid freagrach as scrúdú a dhéanamh ar ghearáin a bhaineann le:

- cealuithe eitilte;
- moilleanna eitilte de dhá uair an chloig ar a laghad; agus
- cásanna nár tugadh cead do dhaoine dul ar bord nó d'íosghrádaithe.

Déanaimid scrúdú fosta ar ghearáin a bhaineann leis an gcúnamh a thugtar do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine faoi mhíchumas luaineachta (DMLanna) sna cásanna seo a leanas:

- turas a chur in áirithe;
- ag taisteal trí aerfort in Éirinn; agus
- ar bord eitilt a d'eitilt amach ó aerfort in Éirinn.


Níl údarás ar bith againn chun déileáil le gearáin sna cásanna seo a leanas:

- bagáiste, cánacha agus muirir aerlínte, formhuirir bhreosla san áireamh;
- earráidí áirithinte nó ticéadaithe agus cúrsaí víosa;
- aisíocaíochtaí mar gheall ar bhreoiteacht nó mhéala;
- fógraíocht bhréagach;
- seirbhísí ar bord nó cúrsaí le linn eitilte;
- nuair a bhíonn daoine ró-dhéanach chun seiceáil isteach;
- coinníollacha áirithinte aerlínte agus fadhbanna láithreáin Ghréasáin; agus
- cúrsaí sábháilteachta.

## Gearáin Phaisinéirí

I 2011, fuair an Coimisiún iomlán de 4,105 fiosrú ón bpobal. Is laghdú de bheagnach 20% é seo ar leibhéal na bliana 2010. Bhíothas ag súil leis an laghdú seo mar gheall ar líon mór na bhfiosruithe agus na ngearáin i 2010 a bhain leis an ngéarchéim luaithreamháin bholcánaigh agus leis an drochaimsir uafásach. Mar a thaispeántar sa chairt thíos, d'fhan líon na bhfiosruithe i 2011 os cionn leibhéal na bliana 2009, d'ainneoin gur thit siad siar ó bhuaicphointí na bliana 2010.

**Figiúr 3.1: Fiosruithe a Fuarthas in aghaidh na Míosa (2009-11)**




*Foinse: An Coimisiún*

Bhain níos mó ná trí cheathrú de na fiosruithe a fuair an Coimisiún le cúrsaí nach dtagann faoina choimirce. I ngach ceann de na 3,117 fiosrú, rinneamar teagmháil leis na daoine a bhí i gceist agus chuireamar ar aghaidh chuig an gcomhlacht nó an t-údarás inniúil iad chun déileáil lena ngearán (nuair a bhí sé ar eolas).

## Cealuithe, Moilleanna, Daoine nár Tugadh Cead Dóibh Dul ar Bord agus Íosghrádaithe

As na 967 gearán a fuarthas maidir le cealuithe, le moilleanna fada, le daoine nár tugadh cead dóibh dul ar bord nó le híosghrádaithe, bhain an chuid is mó díobh sin le cealuithe agus le moilleanna, mar a thaispeántar sa tábla seo thíos. Bhain níos mó ná 40% de na gearáin le heitiltí a d'eitilt amach ó aerfoirt i mBallstáit eile nó a d'eitilt isteach i mBallstáit eile ó thríú tíortha (m.sh. na Stáit Aontaithe Mheiriceá) a d'oibrigh iompróirí a raibh ceadúnas acu ón gComhphobal. Chuireamar na gearáin sin ar aghaidh chuig an gcomhlacht forfheidhmithe náisiúnta ábhartha (CFN) le scrúdú breise a dhéanamh orthu, tar éis dúinn réamhscrúdú a chur i gcrích lena chinntiú dúinn féin gur tháinig siad faoi chúram na rialachán um chearta aerphaisinéirí.

**Tábla 3.1: Miondealú ar Ghearáin maidir le Cearta Aerphaisinéirí i 2011**

| Cineál Gearáin | CAR | CFN eile | Iomlán | % |
|---|---|---|---|---|
| Cealuithe | 362 | 250 | 612 | 63 |
| Moill fhada | 159 | 144 | 303 | 31 |
| Níor tugadh cead dul ar bord | 23 | 27 | 50 | 5 |
| Íosghrádú | 1 | 1 | 2 | 0 |
| **Iomlán** | **545** | **422** | **967** | **100** |

*Foinse: An Coimisiún*

Bhí ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar na 545 gearán eile. Cuireadh 323 de na scrúduithe sin i gcrích. I 52 cás, fuarthas nach mbeadh an gearán inbhuanaithe faoin Rialachán, tarraingíodh siar ag an bpaisinéir é, nó bhain sé le sárú nach raibh cúiteamh ar bith ar fáil don phaisinéir ina leith.

Déantar achoimre sa tábla thíos ar an méid gearán as na 271 gearán eile, a réitíodh i 2011, a fuair an paisinéir aisíocíocht agus/nó cúiteamh ina leith. Sa chuid is mó de chásanna, níor éilíodh ar an aeriompróir cúiteamh a íoc mar bhí sé ábalta a thaispeáint go raibh "cúinsí neamhghnácha" i gceist agus go ndearnadh gach beart réasúnta chun an cealú nó an mhoill a sheachaint. Mar sin féin, éilíodh ar aeriompróirí aisíocaíochtaí a sholáthar do níos mó ná dhá thrian de ghearánaigh.

**Tábla 3.2: Gearáin a Soláthraíodh Aisíocaíochtaí nó Cúiteamh ina Leith 2011**

| Réiteach | |
|---|---|
| Cúiteamh íoctha ag aerlíne leis an bpaisinéir | 18 |
| Cúiteamh ar bith ag dul leis an bpaisinéir – thaispeáin an aerlíne go raibh cúinsí neamhghnácha i gceist agus go ndearnadh gach beart réasúnta chun moill nó cealú a sheachaint | 252 |
| D'aisíoc an aerlíne costas an ticéid agus/nó speansais leis an bpaisinéir | 183 |

*Foinse: An Coimisiún*

Tá scrúdú á dhéanamh againn fós ar na 222 gearán eile a fuarthas i 2011. Anuraidh, réitíodh díreach os cionn 60% de na fiosrúcháin a bhí fós le réiteach i ndeireadh na bliana 2010. Mar sin, cuireadh iomlán de 429 fiosrúchán i gcrích anuraidh.

## Daoine faoi Mhíchumas Luaineachta

I 2011, fuair an Coimisiún 21 gearán a bhain le daoine faoi mhíchumas luaineachta. Sa chuid is mó de chásanna, tharla siad sin sula ndearnadh áirithint agus mar sin, ní sáruithe ar an rialachán a bhí ann. Bhain cúig ghearán leis an gcúnamh a fuarthas:

- Agus an áirithint á déanamh;
- Ag an aerfort ó chomhlacht bainistíochta an aerfoirt;
- Ar bord an aerárthaigh ón aeriompróir.

Rinneamar scrúdú ar cheithre cheann de na gearáin sin – bhí an cúigiú gearán lasmuigh de chúram an Choimisiúin agus chuireamar ar aghaidh chuig an CFN inniúil é. Cuireadh gach ceann de na ceithre scrúdú i gcrích. I dtrí chás, ní bhfuaireamar sárú ar bith; sa cheathrú cás, tugadh sárú faoi deara ach chuaigh an t'aeriompróir i gceann an ábhair ina dhiaidh sin sa chaoi go raibh an paisinéir sásta leis.

## Obair eile

I dteannta le fiosruithe agus le gearáin a láimhseáil, sheolamar ár láithreán Gréasáin nua www.flightrights.ie i 2011 atá dírithe ar thomhaltóirí. Ceapadh an láithreán Gréasáin chun é a dhéanamh níos éasca do dhaoine faisnéis a rochtain ar chearta paisinéirí i ndáil le cealuithe agus le moilleanna. Soláthrófar faisnéis ann fosta ar an gcúnamh is féidir le daoine faoi mhíchumas agus le daoine faoi mhíchumas luaineachta a bheith ag súil leis. Tá súil againn fosta go gcabhróidh sé le níos mó daoine úsáid a bhaint as ár gcóras gearán ar líne, a seoladh i mí na Nollag 2010.



Rinneamar iarracht feasacht tomhaltóirí maidir le cearta paisinéara a mhéadú. Thug na meáin tuairisc theoranta ar an láithreán Gréasáin nua nuair a seoladh é agus bhí seastán faisnéise againn arís ag an Aonach Holiday World 2011 i mBaile Átha Cliath.

Rinneamar scrúdú ar na naoi n-aerfort uile in Éirinn lena chinntiú

- go raibh aeriompróirí ag cloí leis na rialacháin aerphaisinéirí; agus
- go raibh a gcuid oibleagáidí á gcomhlíonadh ag comhlachtaí bainistíochta aerfoirt maidir le paisinéirí faoi mhíchumas agus le paisinéirí faoi mhíchumas luaineachta.

Leanaimid de bheith i gcaidreamh leis an AE agus le CFNanna eile chun éascaíocht a dhéanamh do chur chuige comhchuibhithe maidir le cur i bhfeidhm na rialachán. I 2011, thosaíomar ar threoirlínte a dhréachtú maidir le rialacháin a chur i bhfeidhm a bhaineann le cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine faoi mhíchumas luaineachta nuair a bhíonn siad ag taisteal ar eitleán. Ghlacamar páirt i gcomhairliúchán fosta a bhain le leasuithe féideartha ar na rialacháin a rialaíonn cearta paisinéirí i ndáil le cealuithe, le moilleanna, le daoine nár tugadh cead dóibh dul ar bord agus le híosghrádaithe.

## Clár Oibre do 2012

| Sprioc | Gníomhartha leis an sprioc a bhaint amach |
|---|---|
| A chinntiú go gcloítear le dlíthe AE maidir le cearta an phaisinéara | Fiosrúchán a dhéanamh ar na gearáin a fhaightear<br>Iniúchadh a dhéanamh ar aerfoirt |
| A chur le tuiscint an phobail ar chúrsaí i ndáil le cearta aerphaisinéirí | Faisnéis a sholáthar ag imeachtaí cuí tionscail agus tríd an láithreán Gréasáin againn |

# FEIDHMEANNA RIARACHÁIN AGUS DLÍTHIÚLA

## Acmhainní Daonna

I ndeireadh na bliana 2010, laghdaíodh líon foirne ceadaithe an Choimisiúin ó 22 duine go dtí 18 nduine faoin gCreat Rialaithe Fostaíochta. D'fhan fíorleibhéil foirne an Choimisiúin faoi bhun na huasteorann sin agus tá siad fós faoina bun agus d'iarramar cead ar an Roinn chun folúntais a chomhlíonadh. I gcás poist ar deonaíodh díolúine orainn ina leith ón mhoratóir ar earcaíocht, d'éirigh linn baill foirne oiriúnacha a aithint chun na poist sin a chomhlíonadh.

Tá dhá phost ann, áfach, (níos mó ná 10% de líon foirne iomlán ceadaithe na hoifige) atá fágtha gan líonadh fós, níos mó ná bliain amháin tar éis na folúntais sin a chur in iúl den chéad uair don Roinn. Rinneamar iarracht na poist sin a chomhlíonadh ó Phainéal Ath-Imlonnaithe na Seirbhíse Poiblí, ach go dtí seo níor éirigh linn é sin a dhéanamh.

Bíonn tuarastail sa Choimisiún ag teacht le beartas an rialtais maidir le cúrsaí pá. Ceadaítear breisíocht phá, más infheidhme sin, tar éis athbhreithniú sásúil ar fheidhmíocht. Tá triúr ball foirne ar iasacht ón Roinn Iompair agus tá ball foirne amháin ar iasacht ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Déantar a gcostais tuarastail a aisíoc ag costas móide muirear socraithe le haghaidh seirbhísí aoisliúntais agus seirbhísí a sholáthraítear go lárnach.

Ba ionann iomlán an tuarastail agus na ranníocaíochtaí pinsean don t-aon Bhall amháin den Choimisiún i 2011 agus €195,579. Níor cuireadh sochar ar bith eile ar fáil.

Éilítear ar bhaill foirne lánaimseartha uile dul isteach i scéim phinsean an Choimisiúin. Níor tháinig athrú ar bith i 2011 ar stádas eatramhach na scéime, a bhfuil faomhadh ina leith le fáil ón Roinn Airgeadais fós ó 2002 i leith. Léiríonn athbhreithniú achtúireach ar na dliteanais phinsean easnamh leanúnach sa scéim. I ndeireadh na bliana 2011, ba é an t-easnamh scéime ná €252,733, de réir rialacha faoi Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, méadú ó €116,174 i 2010. Tá an Coimisiún ag súil le €69,878 a ranníoc leis an scéim phinsean i 2012.

I 2011, lean an Coimisiún dá fheidhmeanna riaracháin neamhlárnacha a fhoinsiú allamuigh maidir le caidreamh na meán, cothabháil TF agus párolla.

## Oibleagáidí Riaracháin

Tugann an Coimisiún gach iarracht ar na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach a oibriú. Leagann *Cód Cleachtais maidir le Rialachas*

*Comhlachtaí Stáit* [2](eagrán na bliana 2009) de chuid na Roinne Airgeadais roinnt treoirlínte amach atá dírithe ar an dea-rialachas a chur chun cinn. Cloíonn an Coimisiún, agus a Choiste Iniúchta, leis an gCód sin de réir mar is cuí. De bharr nádúr na ngníomhaíochtaí, mar aon le struchtúr an Choimisiúin féin, ní bhaineann gnéithe áirithe den Chód go díreach leis an gCoimisiún. Tá faisnéis bhreise le fáil sa chuid eile den alt seo faoi conas a chloígh an Coimisiún leis an gCód.

De réir an Chóid, éilítear ar an gCoimisiún nós imeachta a bheith aige maidir le sceithireacht faoi rún i ndáil le mírialtachtaí airgeadais agus le coireanna eile. Chuireamar moladh ar aghaidh chuig an Roinn Iompair faoi conas a gcloífí leis an gcoinníoll sin i 2010 agus níl freagra faighte againn fós.

I 2011, d'úsáid an Coimisiún 2,134 KWh d'fhuinneamh. Is é sin níos lú fuinnimh ná mar a d'úsáid sé i 2010.

## Trédhearcacht agus Saoráil Faisnéise

Tá sí d'aidhm ag an gCoimisiún oibriú ar mhodh trédhearcach. Foilsítear páipéir chomhairliúcháin, doiciméid tacaíochta, freagraí ó gheallsealbhóirí agus cinntí rialála ar láithreán Gréasáin an Choimisiúin www.aviationreg.ie agus tá cruachóipeanna ar fáil ar iarratas. Tá liosta d'fhoilseacháin an Choimisiúin i 2011 ar fáil san aguisín. San aguisín fosta tá tuarascáil aschuir agus príomh-tháscairí feidhmíochta, de réir na gcoinníollacha i Ráiteas an Rialtais maidir le Rialú Eacnamaíoch ó mhí Dheireadh Fómhair 2009.

Fuair an Coimisiún iarratas amháin i 2011 faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Níor cuireadh ach cuid den fhaisnéis ar fáil mar ní raibh ach roinnt de na taifid ann a bhí ag teastáil.

## Coiste Iniúchta

Tháinig an Coiste Iniúchta le chéile ceithre huaire i 2011. Ag gach cruinniú cuireadh mionteagasc ar an gCoiste ar an dul chun cinn laistigh den Choimisiún i ndáil leis na sraitheanna oibre éagsúla. D'fhreastail an Coimisinéir ar roinnt de na cruinnithe sin le comhairle a thabhairt don Choimisiún ar fhorbairtí. D'fhreastail baill foirne an Choimisiúin a dhéileálann le cúrsaí dlí, riaracháin agus cuntasaíochta ar chruinnithe fosta lena gcuid oibre a phlé. D'fhreastail ionadaithe d'Iniúchóirí Inmheánacha an Choimisiúin ar na gnéithe sin de gach cruinniú a bhí oiriúnach dá bhfreagrachtaí.

I 2011, ba iad na cúrsaí a dhírigh an Coiste orthu ná:

- an clár riosca

[2] http://www.finance.gov.ie/documents/guidelines/codepractstatebod09.pdf

- próiseáil éileamh
- rialuithe airgeadais inmheánacha
- bearta a eascraíonn ó iniúchtaí inmheánacha
- an plean leanúnachais ghnó i gcás éigeandála, agus
- an cód cleachtais maidir le rialachas comhlachtaí Stáit.

Bhí an Coiste Iniúchta sásta le socruithe an Choimisiúin i ndáil leis na réimsí sin.

| | |
|---|---|
| Cód Iompair an Choimisiúin | Tá Cód Iompair ag an gCoimisiún dá chuid fostaithe. Baineann *Cóid Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse* le baill foirne ar iasacht ón Roinn Iompair. |
| Iniúchadh Inmheánach | Ceapann an Coimisiún gnóthas iniúchóirí lena fheidhm iniúchta inmheánaigh a chur i gcrích. Oibríonn an tiniúchóir inmheánach faoi stiúir an Choiste Iniúchta Sheachtraigh. Tar éis próiseas tairisceana oscailte i 2011, roghnaíodh D'Arcy Lynch mar iniúchóir inmheánach an Choimisiúin.<br><br>I 2011, rinne D'Arcy Lynch iniúchtaí ar phrótacail shlándála TE, ar shlándáil TE, ar shlándáil láithreáin Ghréasáin agus ar chur i bhfeidhm shean-mholtaí iniúchta. Ina theannta sin, rinne an chuideachta athbhreithniú ar an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais. Rinne an Coimisinéir agus an lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú ar na tuarascálacha sin. Rinneadh athbhreithniú orthu fosta ag an gCoiste Iniúchta, ach amháin an tuarascáil iniúchta ar an láithreán Gréasáin, nach bhfuil críochnaithe fós. |
| Soláthar | Cloíonn nósanna imeachta an Choimisiúin maidir le cúrsaí soláthair le treoirlínte agus le treoracha náisiúnta agus, más infheidhme, le treoirlínte agus le treoracha an Aontais Eorpaigh. Is iad treoirlínte náisiúnta a bhíonn i bhfeidhm den chuid is mó de bharr luach thromlach na gconarthaí.<br><br>Tá plean soláthair don bhliain 2012 tugtha chun cinn ag an gCoimisiún, ina leagtar amach na réimsí sin ina meastar go mbeidh seirbhísí á gcur amach ar tairiscint. |
| Diúscairt sócmhainní agus rochtain ag tríú páirtithe ar shócmhainní | Níl sócmhainn ar bith ag an gCoimisiún den scála agus den luach a beartaíodh faoi na treoirlínte (€150,000). Ní raibh diúscairt sócmhainní ar bith ann le linn na bliana 2011. |
| Éagsúlú | Ní dhearna an Coimisiún moltaí éagsúlaithe ar bith leis an Aire i 2011. |
| Luacháil infheistíochta | Níor thabhaigh an Coimisiún caiteachas caipitil suntasach ar bith i 2011, a tháinig laistigh den raon gníomhaíochtaí a bheartaítear sa treoirleabhar 2005 de chuid na Roinne *Treoirlínte do Luacháil agus do Bhainistiú Tograí Caiteachais Chaipitil san Earnáil Phoiblí*. |
| Luach saothair an luchta bhainistíochta | Féach ar *Acmhainní Daonna* sa chaibidil seo le do thoil chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin réimse sin. Níl stiúrthóir ar bith ann agus níl feidhm |

| | |
|---|---|
| agus táillí an stiúrthóra | ag táillí. |
| Socruithe tuairiscithe | Déanann an Coimisiún tuarascálacha dá leithéidí chuig an Aire Iompair más gá. Tá córas cuntasaíochta lánfhorbartha ag an gCoimisiún, a sholáthraíonn miontuarascálacha míosúla bainistíochta agus airgeadais chuig an lucht bainistíochta sinsearach. Glacann an Coimisiún Caighdeáin Tuairiscithe Idirnáisiúnta dá thuairisciú. Ríomhann sé a chuntais ar an gcóras cuntasaíochta fabhraithe ach amháin má shonraítear é sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na ráitis seo.<br><br>Tá bearta i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun cloí leis an oibleagáid leabhair cuntais chuí a choinneáil. Coinnítear iad sin ag a oifig amháin. |
| Pleanáil straitéiseach agus chorparáideach | Tá feidhmeanna agus freagrachtaí an Choimisiúin leagtha amach san Acht Eitlíochta 2001, in Acht na nAerfort Stáit 2004 agus san Acht Eitlíochta 2006.<br><br>Leagann an Coimisiún plean oibre amach gach bliain le haghaidh gach réimse fheidhmiúil, a cheaptar lena oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh agus lena chuspóirí a bhaint amach. Tuairiscíonn an Coimisiún gach bliain don Aire Iompair ar an dóigh a rinneadh na feidhmeanna sin a tharmligean sa bhliain roimhe sin.<br><br>Níor ullmhaigh an Coimisiún plean straitéiseach cúig bliana ar bith. Thángthas ar chomhaontú leis an Roinn nach ndéanfaí plean a ullmhú tar éis fógra an Rialtais i mí Dheireadh Fómhair 2009 go ndéanfaí an Coimisiún a chomhcheangal leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Níos déanaí, d'fhógair an Rialtas i b*Plean Athchóiriúcháin na hEarnála Poiblí* i mí na Samhna 2011 go ndéanfadh sé an Coimisiún a chomhcheangal leis an ÚEÉ I 2012. |
| Comhlíonadh cánach | Tá an Coimisiún faoi dhliteanas ÍMAT, CBL agus PSWT. Tá na foirmeacha cánach ábhartha uile do 2011 curtha isteach ag an gCoimisiún agus cloíonn sé go hiomlán le gach coinníoll maidir le cúrsaí cánachais. |
| An Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais (CRIA) | Dheimhnigh an Coimisinéir sna Ráitis Airgeadais i leith na bliana 2011 go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais maidir le rialú inmheánach airgeadais. Tá sraith chuimsitheach beartais agus nósanna imeachta san CRIA a bhaineann le rialuithe airgeadais. Is é an Coimisinéir an tOifigeach Cuntasach chun críche cúrsaí cuntasachta don Oireachtas. |
| Beartas Taistil | Cloíonn an Coimisiún le coinníollacha an Rialtais maidir le beartas taistil. |
| Leasanna a nochtadh | Éilítear ar an gCoimisinéir, a chuid foirne, agus na comhairligh agus na comhairleoirí uile cloí leis na coinníollacha ábhartha nochta a eascraíonn faoi alt 18 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus faoi ailt 17-18 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí freagrach as comórtais oscailte a eagrú chun Baill den Choimisiún a cheapadh. Níl ann faoi láthair ach Coimisinéir amháin. |
| Bainistíocht maidir le Riosca | Tá clár riosca á choimeád ag an gCoimisiún a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú air go rialta agus oibríonn an Coimisiún leis an gcoiste iniúchta d'fhonn bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí. |

# FAISNÉIS AIRGEADAIS

## Tobhach

Chun caiteachais a thabhaigh an Coimisiún go cuí i gcomhlíonadh a fheidhmeanna a ghlanadh, féadfaidh sé rialacháin a dhéanamh a ghearrann tobhach lena chostais agus lena chaiteachais oibriúcháin mheasta a ghlanadh ach gan iad a shárú. Tá an tobhach iníoctha ag ranguithe de ghnóthais a d'fhéadfadh an Coimisiún a shonrú.

Rinneadh rialachán dar teideal "Rialachán an Achta um Rialáil Eitlíochta 2001 (Tobhach Uimh. 12) 2011" (I.R. Uimh. 689 de 2011) ar an 22 Nollaig 2011 le héifeacht a thabhairt do Thobhach an Choimisiúin do 2012. Tá an Coimisiún ag súil leis go mbeidh an t-ioncam tobhaigh i 2012 timpeall is 9% níos ísle ná ioncaim tobhaigh na bliana 2011.

Más rud é go mbeidh an Coimisiún fós ann tar éis 2012, ina fhoirm reatha, tá sé beartaithe aige tobhaigh a shocrú don todhchaí agus costais agus caiteachais oibriúcháin thar thréimhse thodhchaí chúig bliana á gcur san áireamh aige. Tá sé beartaithe go ndéanfaidh an t-athrú sin luaineachta bliantúla tobhaigh a réiteach.

## Ráitis Airgeadais

Le linn 2011, rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ráitis airgeadais na bliana 2010 a iniúchadh agus cuireadh faoi bhráid an Aire iad. D'admhaigh an Rialtas iad ag a chruinniú ar an 31 Eanáir 2012 agus cuireadh ar fáil iad i Leabharlann an Oireachtais ar an 6 Feabhra 2012. Tá na cuntais sin ar fáil ar láithreán Gréasáin an Choimisiúin.

Rinneadh dréacht-ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 a ullmhú, agus cuireadh faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad ar an 27 Feabhra 2012 chun go ndéanfaí iniúchadh orthu. Tugtar sliocht as na ráitis sin ar na leathanaigh seo a leanas.

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

| **Ioncam** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Ioncam Tobhaigh | 2,458,750 | 2,688,105 |
| Táillí Ceadúnas | 199,832 | 199,828 |
| Eile | 37,970 | 144,181 |
| OLLIONCAM | **2,696,552** | **3,032,114** |
| | | |
| Aistriú (go)/ón gCuntas Caipitil | 16,688 | 6,706 |
| GLANIONCAM | **2,713,240** | **3,038,820** |
| | | |
| **Caiteachas** | | |
| Costais Foirne | 1,288,410 | 1,652,445 |
| Costais Phinsean | 136,178 | 123,514 |
| Comhairleacht | 172,878 | 123,209 |
| Táillí Dlíthiúla | (160,167) | (112,410) |
| Cíos | 282,550 | 283,363 |
| Éascú Sceideal | 280,369 | 298,573 |
| Eile | 394,466 | 459,918 |
| | **2,394,684** | **2,828,611** |
| | | |
| **Barrachas/(Easnamh) Oibriúcháin** | **318,556** | **210,209** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 1,962,386 | 1,752,177 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | 2,280,942 | 1,962,386 |

DRAFT

## Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas Oibriúcháin | 318,556 | 210,209 |
| | | |
| Toradh iarbhír lúide an toradh ionchais ar shócmhainní na scéime pinsean | (163,859) | 36,394 |
| Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí a eascraíonn ó dhliteanais maidir leis an scéim phinsin | 65,369 | 129,106 |
| Athruithe ar bhoinn tuisceana maidir le luach reatha dhliteanais na scéime pinsean | - | (210,284) |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach | (98,490) | (44,784) |
| | | |
| Gnóthachain/(Caillteanais) aitheanta Iomlána a bhaineann leis an mbliain airgeadais | 220,066 | 165,425 |

Is í suim an chaillteanais charnaigh a aithníodh ó ghnóthachain agus chaillteanais achtúireacha ag eascairt sna ceithre bliana seo caite ná €14,102.

| **Gluaiseacht sa Chúlchiste Pinsean** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | (103,591) | (58,807) |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach | (98,490) | (44,784) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | (202,081) | (103,591) |

DRAFT

## Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2011

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 33,735 | 50,423 |
| | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Cuntais Bhainc | 14,347,438 | 14,245,493 |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 945,614 | 1,334,473 |
| | 15,293,052 | 15,579,966 |
| **Creidiúnaithe:** | | |
| **Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | (157,099) | (239,391) |
| Cuntais Bhannaí Airgid | (12,478,826) | (12,772,676) |
| | (12,635,925) | (13,012,067) |
| | | |
| **Glansócmhainní/(Glandliteanais) Reatha** | **2,657,127** | **2,567,899** |
| | | |
| **Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha** | **2,690,862** | **2,618,322** |
| Soláthairtí do Dhliteanais agus do Mhuirir | (325,533) | (592,930) |
| **Glansócmhainní gan Dliteanas Pinsean san Áireamh** | **2,365,329** | **2,025,392** |
| Glansócmhainn/(Glandliteanas) Pinsean | (252,733) | (116,174) |
| **Glansócmhainní/(Glandliteanais) lena n-áirítear Sócmhainn/(Dliteanas) Pinsean** | **2,112,596** | **1,909,218** |
| | | |
| **Arna maoiniú ag** | | |
| Barrachas/(Easnamh) sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais | 2,280,942 | 1,962,386 |
| Cuntas Caipitil | 33,735 | 50,423 |
| Cúlchiste Pinsean | (202,081) | (103,591) |
| | **2,112,596** | **1,909,218** |

DRAFT

## Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Réiteach an bharrachas oibriúcháin le glan-insreabhadh/(glan-eis-sreabhadh) airgid maidir le gníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Barrachas/(Easnamh) maidir le hIoncam agus Caiteachas | 318,556 | 210,209 |
| Difríocht idir Costas Pinsean agus Ranníocaíocht an Fhostóra | 38,070 | 20,370 |
| Dímheas | 16,688 | 16,574 |
| Ús Bainc | (29,060) | (16,949) |
| Aistriú (ó)/go Cuntas Caipitil | (16,688) | (6,706) |
| Laghdú/(Méadú) ar Fhéichiúnaithe | 384,538 | 23,956 |
| (Laghdú)/Méadú ar Chreidiúnaithe | 4,321 | 12,100 |
| Laghdú/(Méadú) ar Réamhíocaíochtaí | 4,549 | (302,645) |
| (Laghdú)/Méadú ar Fhabhruithe | (86,842) | (20,003) |
| (Laghdú)/Méadú ar Sholáthairtí | (267,397) | (342,500) |
| **Glan-insreabhadh/(Glan-eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **366,735** | **(405,594)** |
| | | |
| **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid** | | |
| Glan-insreabhadh/(Glan-eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | 366,735 | (405,594) |
| Torthaí Infheistíochtaí | | |
| Ús Bainc | 29,060 | 16,949 |
| Caiteachas Caipitil | | |
| Ceannach sócmhainní seasta | - | (9,868) |
| Maoiniú | | |
| Méadú/(Laghdú) ar Chuntais Bhannaí Airgid agus CCT | (293,850) | (11,178,845) |
| Bainistiú Acmhainní Leachtacha | | |
| (Méadú) / Laghdú ar Airgead i dTaisce | (531,516) | 481,056 |
| **Méadú/(Laghdú) ar Iarmhéideanna Airgid** | (429,571) | (11,096,302) |
| | | |
| **Réiteach glansreabhadh airgid le gluaiseachtaí i nglanchistí** | | |
| Méadú/(Laghdú) ar airgead ar láimh sa tréimhse | (429,571) | (11,096,302) |
| Airgead tirim a úsáideadh le hacmhainní leachtacha a mhéadú | 531,516 | (481,056) |
| Athrú ar na Glanchistí | 101,945 | (11,577,358) |
| | | |
| Glanchistí Tosaigh | 14,245,493 | 25,822,851 |
| Glanchistí Deiridh | 14,347,438 | 14,245,493 |

DRAFT

# AGUISÍN

## Páipéir an Choimisiúin 2011

| | |
|---|---|
| CP1/2011<br>Mí na Bealtaine 2011 | Dréachtchinneadh maidir le Muirir um Sheirbhísí Teirminéil Eitlíochta |
| CP2/2011<br>Mí Dheireadh Fómhair 2011 | Cinneadh maidir le hUasteorainn do Mhuirir um Sheirbhísí Teirminéil Eitlíochta |
| CN1/2011<br>Mí Eanáir 2011 | Socruithe leasaithe maidir le soláthar chuntais iniúchta in earnáil na trádála taistil |
| CN1/2011<br>Mí na Samhna 2011 | Athruithe beartaithe maidir le Cuntais Rialála |
| CN3/2011<br>Mí na Samhna 2011 | Socruithe beartaithe maidir le Ceadúnú Trádála Taistil i rith Earrach na Bliana 2012 |

## Tuarascáil Aschuir

### Muirir agus Rialú Sealanna

| Sprioc 2011 | Toradh 2011 |
|---|---|
| Cinneadh nua a dhéanamh a leagann síos muirir MSCE (ÚEÉ) ag aerfort Bhaile Átha Cliath, aerfort Chorcaí agus aerfort na Sionainne | ➢ Foilsíodh dréachtchinneadh agus cinneadh deiridh |
| Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-uasteorainneacha praghsanna atá i bhfeidhm | ➢ An Coimisiún sásta gur chloígh an ÚEÉ agus ÚABÁC leis an uasteorainn praghsanna<br>➢ Foilsíodh tuarascálacha an ÚABÁC maidir le Caighdeán Seirbhíse |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar choinníollacha rialála tuairiscithe agus iad a athrú más gá sin | ➢ Cuireadh athbhreithniú ar choinníollacha tuairiscithe i gcrích agus cuireadh na hathruithe in iúl don ÚABÁC agus don ÚEÉ. |
| Athscrúdú a dhéanamh ar an gcur chuige reatha maidir le cinntí a dhéanamh a leagann síos muirir aerfort Bhaile Átha Cliath, agus na réimsí a aithint, más ann, ina mbeadh athruithe ag teastáil | ➢ Níl an obair sin críochnaithe fós |
| A chinntiú go leanfar de réimeas reatha sceidealaithe in aerfort Bhaile Átha Cliath a oibriú go rianúil | ➢ Freastalaíodh ar chruinnithe ag Coiste Comhordaithe Aerfort Bhaile Átha Cliath agus rinneadh cumarsáid le ACL chun monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí tráchta ag aerfort Bhaile Átha Cliath |

## Ceadúnú agus Ceaduithe

| Sprioc 2011 | Toradh 2011 |
|---|---|
| Córas ceadúnaithe d'aeriompróirí a thabhairt isteach ar líne | ➢ Seoladh an córas ar an 14 Nollaig |
| A chinntiú go gcomhlíonann sealbhóirí cheadúnas aeriomprόra na coinníollacha faoin reachtaíocht | ➢ Cuireadh ceadúnas amháin ar ceal |
| Tuiscint níos fearr a chothú i measc lucht ceadúnais agus an phobail i gcoitinne maidir le réimeas ceadúnaithe d'aeriompróirí | ➢ Foilsíodh treoirnóta feabhsaithe maidir le coinníollacha úinéireachta agus rialaithe<br>➢ Eisíodh dioscaí ceadúnais le hoibreoirí heileacaptair agus aerárthaigh bhig |
| Leanúint ag tabhairt ceadúnais do chuideachtaí láimhsithe ar talamh agus ag déanamh monatóireachta ina leith | ➢ Rinneadh athnuachan ar naoi gceadú |
| Leanúint den riarachán maidir leis an scéim ceadúnais agus bannaí do chuideachtaí trádála taistil in Éirinn | ➢ Eisíodh 286 ceadúnas agus tugadh cuairt ar 13 chuideachta chun an comhlíonadh a mheas |
| Ullmhú don chur isteach a bheadh ag reachtaíocht Eorpach ar fheidhmiú an réimeas reatha trádála taistil in Éirinn | ➢ Cuireadh forbairtí siar |

## Cearta Aerphaisinéirí

| Sprioc 2011 | Toradh 2011 |
|---|---|
| A chinntiú go mbíonn dlíthe AE maidir le cearta an phaisinéara á gcomhlíonadh | ➢ Fuarthas 972 gearán nua, 423 do chomhlachtaí cuntrapháirte forfheidhmithe<br>➢ Rinneadh scrúdú ar 433 gearán agus cuireadh na scrúduithe sin i gcrích<br>➢ Rinneadh scrúdú ar 9 n-aerfort |
| A chur le tuiscint an phobail ar chúrsaí maidir le cearta aerphaisinéirí | ➢ Seoladh an láithreán Gréasáin nua flightrights.ie<br>➢ Glacadh páirt san aonach Holiday World i mBaile Átha Cliath |

## Príomh-Tháscairí Feidhmíochta

| Táscaire Feidhmíochta | Feidhmíocht 2011 |
|---|---|
| Ceadúnú | |
| Doiciméid ar iarraidh a chur in iúl laistigh de sheachtain amháin d'iarrthóirí ceadúnais | 98% |
| Cinneadh a thabhairt d'iarrthóirí ceadúnais, i bprionsabal, laistigh de mhí amháin | 81% |

| | |
|---|---|
| Ceadúnais a eisiúint laistigh de dhá sheachtain tar éis na doiciméid ar fad a fháil | 85% |
| Líon na n-áitreabh ceadúnaithe ar tugadh cuairt orthu | 13 |
| Aisíocaíochtaí agus Aisdúichithe | |
| Líon na n-éilimh a fuarthas tar éis do loiceadh chuideachtaí trádála taistil | 0 |
| Líon na n-éilimh a próiseáladh laistigh de dhá mhí | n.b. |
| Líon na n-éilimh a próiseáladh laistigh de cheithre mhí | n.b. |
| Líon na n-éilimh a próiseáladh laistigh de shé mhí | n.b. |
| Costais riaracháin mar chéatadán de chostais iomlána na n-éileamh | n.b. |
| Líon na bpaisinéirí aisdúichithe | 0 |
| Líon na bpaisinéirí ag feitheamh ar aisdúichiú, tar éis an dáta sceidealaithe aischurtha | n.b. |
| Líon na bpaisinéirí ag feitheamh ar aisdúichiú ar feadh níos mó ná seachtain amháin | n.b. |
| Cosaint tomhaltóirí | |
| Réamh-athbhreithnithe ar ghearáin curtha i gcrích laistigh de sheachtain amháin | 65% |
| Gearáin curtha ar aghaidh chuig CFN eile laistigh de mhí amháin ón ngearán a fháil | 79% |
| Imscrúduithe curtha i gcrích laistigh de thrí mhí ón ngearán a fháil[3] | 31% |
| Imscrúduithe curtha i gcrích laistigh de sheacht mí ón ngearán a fháil[4] | 50% |
| Líon na n-imscrúduithe aerfoirt | 9 |
| Costais | |
| Athrú bliantúil ar chostais an Choimisiúin | -15% |
| Athrú bliantúil ar chostais an Choimisiúin (gan táillí dlíthiúla agus costais maidir le comhordú aerfoirt agus próiseáil éileamh a bheith curtha san áireamh) | -10% |

[3] Gearáin a fuarthas idir an 1 Eanáir agus an 31 Deireadh Fómhair 2011.
[4] Gearáin a fuarthas idir an 1 Eanáir agus 31 Iúil 2011.